2027.M119S2T

2027L571G1IS2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta
Sampla 2

# Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Gnáthleibhéal

2 uair 30 nóiméad

300 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach peann luaidhe nó pinn luaidhe dathadóireachta a úsáid sna graif agus sna léaráidí amháin.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Roinn A** 100 marc

Tá ceist amháin sa roinn seo, freagair **gach** cuid den cheist seo.

**Roinn B** 160 marc

Freagair **ceithre** cheist ar bith sa roinn seo. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn C** 40 marc

Freagair ceist **amháin** sa roinn seo. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

| Roinn A | 100 marc |
|---|---|

Freagair **gach** cuid den cheist seo.

**Ceist 1** **(100 marc)**

**(a)** **(i)** Cad iad na **trí** rogha thíos ar sampla iad de ghás ceaptha teasa?
Cuir tic (✓) sna **trí** bhosca atá ceart.

| | |
|---|---|
| Dé-ocsaíd charbóin | ☐ |
| Ocsaigin | ☐ |
| Meatán | ☐ |
| Ocsaíd nítriúil | ☐ |
| Héiliam | ☐ |

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart le cur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ráiteas thíos.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(ii)** | Tá dífhoraoisiú de dhéanamh an duine ar cheann de na cúiseanna leis an éifeacht ceaptha teasa mhéadaithe | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Is olc an táscaire iad leibhéil na ngás ceaptha teasa san atmaisféar le léiriú go bhfuil téamh domhanda atá spreagtha ag an duine ag tarlú. | ☐ | ☐ |


**(b)** Cé **dá** rogha thíos ar samplaí iad d'ENRanna (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha)?
Cuir tic (✓) sa **dá** bhosca atá ceart.

| | |
|---|---|
| Ciste Domhanda an Fhiadhúlra (*WWF* sa Bhéarla)<br>Oibríonn siad chun a chinntiú go gcuirtear luach an nádúir san áireamh i gcúrsaí cinnteoireachta ón scála áitiúil go dtí an scála domhanda. | ☐ |
| An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide<br>Is roinn rialtais in Éirinn í atá freagrach as beartais maidir le cúrsaí cumarsáide, poist, fuinnimh, acmhainní nádúrtha, aeráide, dramhaíola agus comhshaoil. | ☐ |
| Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe<br>Is gníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í a stiúrann iarrachtaí idirnáisiúnta chun an t-ocras a chloí, agus cothú agus slándáil bia a fheabhsú. | ☐ |
| Greenpeace<br>Eagraíocht idirnáisiúnta chomhshaoil a úsáideann straitéis ar a dtugann sí 'aighneas cruthaitheach' chun aird a tharraingt ar dhrochghníomhartha corparáidí, earnálacha agus rialtas ó thaobh an chomhshaoil de. | ☐ |

**(c)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart le cur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ráiteas.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Féachtar ar an Antrapaicéineach mar an tréimhse inarb í gníomhaíocht an duine an tionchar is mó ar an aeráid agus ar an gcomhshaol. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Is sampla nádúrtha iad portaigh mhóna de linn charbóin. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Coincheap í an fhorbairt inbhuanaithe ina gcuirtear chun cinn freastal ar riachtanais an lae inniu ach gan cumas na nglúnta atá le teacht freastal ar a gcuid siúd a chur i mbaol. | ☐ | ☐ |
| **(iv)** | Nuair a théann ceo uisce ó phlandaí isteach san atmaisféar, is é sin frasaíocht. | ☐ | ☐ |
| **(v)** | Bíonn tionchar níos mó ag gníomh aonair ná mar a bhíonn ag gníomh coiteann ó thaobh athruithe córasacha a bhaint amach. | ☐ | ☐ |

**(d)** Déan staidéar ar **Fhíor 1** thall ina dtaispeántar tíortha an Domhain Theas agus tíortha an Domhain Thuaidh, agus freagair na ceisteanna a leanas.




**Fíor 1**

**(i)** Cén ceann díobh seo a leanas a thaispeántar ag **X**?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

An Domhan Thuaidh ☐
An Domhan Theas ☐


**(ii)** Ainmnigh tír **amháin** sa Domhan Thuaidh **agus** tír **amháin** sa Domhan Theas a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

| |
|---|
| Tír sa Domhan Thuaidh: |
| Tír sa Domhan Theas: |

**(iii)** Ainmnigh gluaiseacht ceartais aeráide **amháin** ón Domhan Thuaidh **agus** gluaiseacht ceartais aeráide **amháin** ón Domhan Theas a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

| |
|---|
| Gluaiseacht ceartais aeráide ón Domhan Thuaidh: |
| |
| Gluaiseacht ceartais aeráide ón Domhan Theas: |
| |

**(e)** **(i)** Déan staidéar ar na híomhánna thíos a bhfuil na lipéid **A** go **D** orthu agus a thaispeánann tosca nádúrtha atá i ndiaidh tionchar a imirt ar aeráid an Domhain. Scríobh an litir cheart i ngach cás chun gach íomhá a mheaitseáil leis an toisc is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos.




| Toisc nádúrtha a d'imir tionchar ar aeráid an Domhain | Litir |
|---|---|
| Gníomhaíocht plátaí teicteonacha | |
| Athruithe i bhfithis an Domhain | |
| Éabhlóid na beatha | |
| Foirmiú breoslaí iontaise | |

**(ii)** Cé acu ceann de na Domhanchórais seo a leanas ina dtarlaíonn gníomhaíocht plátaí teicteonacha?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Geoisféar ☐
Bithsféar ☐
Hidrisféar ☐
Atmaisféar ☐

**(f)** Comhlánaigh an tábla thíos agus meaitseáil á dhéanamh agat ar gach téarma ón liosta leis an gcur síos is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos.

**Caipitleachas** **Téamh Domhanda** **Dífhás** **Sonraí** **Bithgheilleagar**

| Cur síos | Téarma |
|---|---|
| Úsáid á baint as acmhainní bitheolaíocha in-athnuaite ón talamh agus ón bhfarraige chun bia, ábhair agus fuinneamh a tháirgeadh. | |
| Toisí nó staitisticí a bhailítear ar mhaithe le taighde a dhéanamh. | |
| Geilleagair a laghdú seachas iad a fhás ionas go n-úsáidtear níos lú d'acmhainní an domhain atá á n-ídiú. | |
| Méadú fadtéarmach ar mheánteocht an Domhain. | |
| Nuair a bhíonn trádáil agus tionscal faoi smacht ag úinéirí príobháideacha ar mhaithe le brabús a dhéanamh. | |

**(g)** **(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart le cur in iúl cé acu a bhaineann an sainmhíniú thíos le mífhaisnéis nó le bréagaisnéis.

Eolas bréagach nó míthreorach a scaiptear d'aon ghnó chun dallamullóg a chur ar dhaoine.


Mífhaisnéis ☐

Bréagaisnéis ☐

**(ii)** Sainmhínigh an téarma *snas glas*.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(h)** Scrúdaigh ar an ngrafaic eolais i **bhFíor 2** thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.




**Fíor 2**

**(i)** Cén treocht a bhí ann maidir le daonra an domhain idir 1950 agus 2021?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Ag méadú ☐ Ag laghdú ☐ Seasta ☐

**(ii)** An raibh an choibhéis $CO_2$ in aghaidh an duine in Éirinn níos airde nó níos ísle ná meán an AE27 in 2021?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Níos airde ☐
Níos ísle ☐

**(iii)** Ríomh céatadán an leictreachais a gineadh as foinsí neamh-inathnuaite in 2022.

| |
|---|
| |


**(iv)** Ainmnigh sampla **amháin** d'fhoinse fuinnimh in-athnuaite **agus** sampla **amháin** d'fhoinse neamh-inathnuaite.

| |
|---|
| In-athnuaite: |
| Neamh-inathnuaite: |

**(i)** Cén **dá** cheann díobh seo a leanas ina mbíonn an fhaisnéis is iontaofa le húsáid agus taighde á dhéanamh?
Cuir tic (✓) sa **dá** bhosca atá ceart.

- Ó fhoinse chreidiúnach ☐
- Claonadh inti ☐
- Tagairt inti d'fhianaise ☐
- Ní féidir í a fhíorú ☐

**(j)** Scrúdaigh na fótagraif thíos ina dtaispeántar bealaí éagsúla a mbíonn tionchar ag an athrú aeráide agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(i)** Meaitseáil gach fótagraf thuas atá lipéadaithe **A** go **D** leis an tionchar athraithe aeráide is fearr a dhéanann an cur síos air sa tábla thíos.

| Tionchar athraithe aeráide | Fótagraf |
|---|---|
| Tá oighearshruthanna ag leá ar ráta níos tapa | |
| Méadú ar líon na bhfalscaithe | |
| Fairsingiú fásaigh | |
| Stoirmeacha ag tarlú níos minice | |

**(ii)** Cé acu ceann de na tionchair atá liostaithe thíos a bhaineann leis an gcrióisféar?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.


- Méadú ar líon na bhfalscaithe ☐
- Tá oighearshruthanna ag leá ar ráta níos tapúla ☐
- Fairsingiú fásaigh ☐
- Stoirmeacha ag tarlú níos minice ☐

## Roinn B 160 marc

Freagair **ceithre** cheist ar bith sa roinn seo. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

**Ceist 2** **(40 marc)**

**(a)** Déan staidéar ar an ngrafaic eolais i **bhFíor 3** thíos ina bhfuil torthaí ó shuirbhé a rinneadh chun foghlaim faoi thuairimí agus dearcthaí mhuintir na hÉireann maidir leis an athrú aeráide, agus freagair na ceisteanna a leanas.





**Fíor 3**

**(i)** Cén céatadán de mhuintir na hÉireann a bhfuil muinín acu as eolaithe mar fhoinse faisnéise faoin athrú aeráide?

**(ii)** Ríomh an céatadán de dhaoine nach gcreideann go bhfuil athrú aeráide ag tarlú.

**(b)** Déan staidéar ar na híomhánna i **bhFíor 4** agus freagair an cheist a leanas.



**Fíor 4**

Déan cur síos ar **dhá** bhealach a bhfuil tionchar ag an athrú aeráide ar dhaoine.


**(c)** Mínigh conas is féidir le speicis neamhdhúchasacha ionracha tionchar a bheith acu ar an mbithéagsúlacht.

**(d)** Mínigh conas is féidir an **dá** fhoinse thíos a úsáid chun a chruthú go bhfuil an t-athrú aeráide ag tarlú.

| Athrú ar theocht le himeacht ama | Athruithe ar fhrasaíocht |
|---|---|
|  |  |

**Ceist 3** **(40 marc)**

Scrúdaigh an chairt i **bhFíor 5** thíos ina dtaispeántar mar is féidir le roghanna stíle maireachtála astaíochtaí carbóin a laghdú agus freagair na ceisteanna a leanas.




**Fíor 5**

**(a)** De réir **Fhíor 5**, cén stíl mhaireachtála is mó a laghdaíonn astaíochtaí carbóin?

| |
|---|
| |

**(b)** Roghnaigh ceann **amháin** de na roghanna stíle maireachtála a thaispeántar thuas **agus** déan cur síos achomair ar an gcaoi a laghdaíonn sí astaíochtaí carbóin.

| Rogha stíle maireachtála: |
|---|
| Cur síos achomair: |
| |
| |

**(c)** Is tacar spriocanna iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (*SDGs* sa Bhéarla) ar ghlac gach ballstát de na Náisiúin Aontaithe (NA) leo in 2015.




**(i)** Cén tacar spriocanna de chuid na NA a bhí ann roimh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe?

| |
|---|
| |

**(ii)** Déan cur síos ar na haidhmeanna atá leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** **(i)** Ainmnigh gníomh ar son na haeráide nó na hinbhuanaitheachta a bhfuil taighde déanta agat air **agus** sainaithin an tsaincheist ar a raibh aghaidh á tabhairt aige.

| |
|---|
| Gníomh: |
| Saincheist: |


**(ii)** Mínigh cé acu a bhí nó nach raibh an gníomh a d'ainmnigh tú in **(i)** éifeachtach maidir le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist. Déan tagairt i do mhíniú do na tosca a raibh tionchar acu ar éifeachtacht an ghnímh.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4** **(40 marc)**

**(a)** Taispeántar tíortha sa léarscáil i **bhFíor 6** thíos agus iad rangaithe de réir a gcuid feidhmíochta maidir le cosaint na haeráide. Bunaítear feidhmíocht tíre ar a cuid astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh an duine, an méid fuinnimh in-athnuaite a tháirgtear inti, an méid fuinnimh a ídítear inti, agus na beartais um athrú aeráide inti. Déan staidéar ar an léarscáil agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Fíor 6:** Feidhmíocht maidir cosaint aeráide a fheabhsú




**(i)** Cén rangú a tugadh don Phortaingéil as a feidhmíocht ó thaobh cosaint aeráide a fheabhsú?

**(ii)** Mínigh go hachomair fáth **amháin** nár tugadh an rangú 'an-ard' d'aon tír as a feidhmíocht ó thaobh cosaint aeráide a fheabhsú.

**(iii)** De réir na léarscáile seo, an gceapann tú gur éirigh go maith le hÉirinn i gcomparáid le tíortha eile na hEorpa? Mínigh do fhreagra agus fianaise ón léarscáil á húsáid agat.

**(iv)** An bealach éifeachtach í an léarscáil seo chun sonraí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a chur in iúl? Mínigh do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Ainmnigh pobal nuálach as Éirinn nó as an Domhan Theas **agus** déan cur síos achomair ar an gcaoi a bhfuil an pobal sin ag dul in oiriúint d'éifeachtaí an athraithe aeráide.

| |
|---|
| Ainm an phobail nuálaigh: |
| Cur síos achomair: |
| |
| |
| |

**(c)** Is féidir tionchair éagsúla ar an gcomhshaol a bheith ag beartais a chuireann rialtais i bhfeidhm. Ainmnigh beartas **amháin** a ndearna tú staidéar air, luaigh na haidhmeanna atá leis agus scrúdaigh cé acu atá nó nach bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis na haidhmeanna sin a bhaint amach.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(40 marc)**

**(a)** In 2021, d'fhorbair an GCC (an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) cur chuige nua maidir le méid iomlán na dramhaíola a gineadh a ríomh de réir an chineáil ábhair. Taispeántar sa ríomh a rinne siad gur gineadh 3,163 míle tonna de dhramhaíl neamh-mhiotalach, is é sin 13% den dramhaíl uile a gineadh, agus áirítear roinnt mhaith ábhair choitianta leis sin. Taispeántar sa tábla thíos an miondealú ar an dramhaíl le haghaidh 2021.


Dramhaíl Neamh-Mhiotalach
a Gineadh in Éirinn in 2021

| An cineál dramhaíola | Meáchan (sna mílte tonna) |
|---|---|
| Bia | 1,100 |
| Teicstílí | 250 |
| Adhmad | 449 |
| Plaisteach | 550 |
| Páipéar agus cairtchlár | 814 |
| Iomlán | 3,163 |

**(i)** Agus na sonraí sa tábla thuas á n-úsáid agat, déan an méid seo a leanas chun an bharrachairt thíos a chomhlánú:

**(a)** Lipéadaigh an X-ais agus an Y-ais i gceart

**(b)** Tarraing isteach i gceart na barraí don phlaisteach agus do na teicstílí.



**(ii)** Cén cineál dramhaíola neamh-mhiotalaigh ag a bhfuil an meáchan is lú?


**(iii)** Sa gheilleagar ciorclach, cuirtear laghdú ar dhramhaíl chun cinn.

Mol bealach **amháin** chun dramhaíl a laghdú agus mínigh an bealach sin.

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** dhúshlán a bhaineann leis an méid fuinnimh a thagann ó fhoinsí in-athnuaite a mhéadú.

**(c)** Bealach amháin chun geilleagar a dhícharbónú ná an méid fuinnimh in-athnuaite a úsáidtear sa gheilleagar sin a mhéadú.  Ar bhealaí eile chun an sprioc sin a bhaint amach, tá ceapadh carbóin agus éifeachtúlacht uisce a mhéadú.





Déan cur síos ar an gcaoi a ndéanann ceapadh carbóin **nó** méadú in éifeachtúlacht uisce geilleagar a dhícharbónú.

**Ceist 6** **(40 marc)**

**(a)** Léigh an t-alt thíos faoin scéim éarlaise agus aisíoca, agus freagair na ceisteanna a leanas.

> **Aisíocaíochtaí Thar na Bearta: 300 Milliún Buidéal Plaisteach agus Canna Tugtha ar Ais ag Tomhaltóirí na hÉireann**
>
> Tá áthas ar *Re-Turn*, oibritheoirí Scéim Éarlaise agus Aisíoca na hÉireann, tuilleadh móréachtaí athchúrsála a fhógairt agus 300 milliún coimeádán dí tugtha ar ais anois ó seoladh an scéim ar an 1 Feabhra, 2024. Is sampla amháin é seo d'iarrachtaí na hÉireann dul i ngleic leis an ngeilleagar ciorclach.

**(i)** De réir an ailt thuas, cé mhéad coimeádán di a tugadh ar ais ó seoladh an scéim éarlaise agus aisíoca?

**(ii)** Mínigh conas a chabhraíonn lógó Re-Turn le haidhm na scéime a chur in iúl?

**(b)** Ainmnigh **dhá** fhoinse fuinnimh a úsáidtear in Éirinn.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(c)** Mínigh conas is féidir le saothrú foinse **amháin** fuinnimh a ndearna tú staidéar uirthi tionchar a bheith aige ar an gcomhshaol.

**(d)** Mínigh go hachomair cad is brí le talmhaíocht athghiniúnach **agus** déan cur síos ar an gcaoi ar féidir leis cabhrú le haistriú cóir a bhaint amach sa talmhaíocht.

## Roinn C 40 marc

Ní mór aiste a scríobh mar fhreagra ar na ceisteanna sa roinn seo.

Freagair ceist **amháin** sa roinn seo. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

**Ceist 7** **(40 marc)**



Déan plé ar na róil atá ag an ngníomh aonair agus ag an ngníomh coiteann maidir le bunchúiseanna na héagóra aeráide a réiteach.

Bíodh an méid seo a leanas san áireamh agat sa phlé a dhéanfaidh tú:

- bunchúiseanna na héagóra aeráide
- samplaí de ghníomh aonair agus de ghníomh coiteann
- cé chomh héifeachtach agus is féidir leis na gníomhartha sin a bheith chun a chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais gach duine faoi láthair agus san am atá romhainn.

**Nó**

**Ceist 8** **(40 marc)**



Scríobh cuntas ar iniúchadh a rinne tú ar thionchar toisce comhshaoil san éiceachóras áitiúil.
Bíodh an méid seo a leanas sa chuntas agat:

- an toisc chomhshaoil a ndearna tú iniúchadh uirthi
- an chaoi ar bhailigh tú do chuid sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla
- gníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an t-éiceachóras sin a chosaint nó a fheabhsú
- an chaoi a bhfuil an t-éiceachóras sin agus folláine an duine ag brath ar chéile.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí le cur in iúl cén cheist ó **Roinn C** atá á freagairt agat.

**Ceist 7** ☐ **Ceist 8** ☐

Bain úsáid as an spás seo le haghaidh pleanála/obair gharbh.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí le cur in iúl cén cheist ó **Roinn C** atá á freagairt agat.

**Ceist 7** ☐ **Ceist 8** ☐

Spás breise le haghaidh freagraí.
Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

## Admhálacha

**Íomhánna**

Na híomhánna ar leathanach 3: https://www.pentagram.com/news/angus-hyland-writes-about-the-wwf-logo-for-computer-arts; https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-the-environment-climate-and-communications/; https://www.un.org/en/academic-impact/fao; https://www.greenpeave.org.uk

An íomhá ar leathanach 4: https://www.researchgate.net/figure/Global-North-and-Global-South-Source-Wikipedia_fig1_367164821

Na híomhánna ar leathanach 5: https://www.instructables.com/How-fossil-fuels-are-formed/; https://www.visualcapitalist.com/path-of-human-evolution/; https://ugc.berkeley.edu/background-content/earths-spin-tilt-orbit/; https://www.britannica.com/science/volcanic-eruption

An íomhá ar leathanach 7: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-eii/environmentalindicatorsireland2023/

Na híomhánna ar leathanach 8: https://www.reuters.com/graphics/CANADA-WILDFIRE/HISTORIC/znvnzebmavl/; https://www.ndtv.com/world-news/these-melting-glaciers-may-someday-drown-your-city-nasa-1776207; https://www.wtxl.com/news/tropical-trio-nasa-captures-image-of-hurricanes/article_fda5774c-94b6-11e7-b865-c3a8167935e2.html; https://earth.org/desertification-in-africa/

An íomhá ar leathanach 9: https://www.epa.ie/news-releases/news-releases-2021/major-new-study-shows-overwhelming-agreement-among-irish-public-on-the-threat-of-climate-change-and-the-desire-for-action.php

Na híomhánna ar leathanach 10: https://goosocean.org/news/adapting-to-climate-change-the-role-of-ocean-data/

Na híomhánna ar leathanach 11: https://www.freepik.com/premium-vector/cartoon-thermometer_5037948.htm; https://www.wikihow.com/Measure-Rain

Na híomhánna ar leathanach 12: https://blogs.bath.ac.uk/climate-action/2022/04/13/climate-change-can-one-person-really-make-a-difference/; https://international-partnerships.ec.europa.eu/policies/sustainable-development-goals_en

An íomhá ar leathanach 14: Adapted from https://www.statista.com/chart/28816/climate-change-performance-index/

An íomhá ar leathanach 16: https://www.newsgroup.ie/epa-announces-e600000-green-stimulus-fund-for-innovators-smes/irish_epa_logo/

Na híomhánna ar leathanach 18: https://www.fas.scot/article/the-benefits-of-peatland-restoration/; https://www.facebook.com/DwrCymruWelshWater/photos/a.296854960338242/5278898092133879/?_rdr

An íomhá ar leathanach 19: https://www.citizensinformation.ie/en/whats-new/deposit-return-scheme-starts-1feb2024/

Na híomhánna ar leathanach 21: https://www.voicesofyouth.org/blog/we-need-climate-justice; https://madscientistassociates.net/services/ecological/

**Téacsanna**

Na sonraí ar leathanach 16: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/waste-generation/

An téacs ar leathanach 19: https://re-turn.ie/record-breaking-returns-irish-consumers-bring-back-300-million-plastic-bottles-and-cans/#:~:text=Dublin%2C%20Friday%2019th%20July%202024,launched%20on%20February%201%2C%202024

D'fhéadfadh sé gur athchóiríodh ábhar, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Sampla 2

2 uair 30 nóiméad